Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11137/26**

**ECOFIN 927**
**UEM 331**
**SOC 456**
**EMPL 258**
**COMPET 871**
**ENV 847**
**EDUC 313**
**ENER 469**
**JAI 907**
**GENDER 144**
**JEUN 187**
**SAN 545**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Slóvaice |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 225 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Slóvaice**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Slóvaice 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an tSlóvaic ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[3] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[4]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don tSlóvaic. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an tSlóvaic ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an tSlóvaic. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Slóvaice ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an tSlóvaic faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Slóvaice, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 20 Bealtaine 2026[5]. An 3 Meitheamh 2026, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an tSlóvaic go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha aici. Tá leochaileachtaí ann i gcás na Slóvaice a bhaineann leis na comharduithe seachtracha agus rialtais, leis an iomaíochas, an margadh tithíochta agus fiachas teaghlaigh, tá siad fós ann agus tá an ghníomhaíocht bheartais fós teoranta. Cé gur tháinig laghdú ar an easnamh sa chuntas reatha in 2025 a bhuí le praghsanna fuinnimh níos ísle agus onnmhairí níos láidre, meastar go dtiocfaidh meath air in 2026 de réir mar a rachaidh an comhthéacs seachtrach in olcas. Tháinig laghdú beag ar an easnamh rialtais in 2025 ach tá sé fós mór agus cuireann sé isteach ar chomharduithe seachtracha; thairis sin, tuartar nach n-athróidh sé den chuid is mó in 2026 agus go n-ardóidh sé in 2027 ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, rud a fhágfaidh go mbeidh fiachas rialtais níos airde. Bhí an boilsciú i bhfad os cionn an bhoilscithe sa limistéir euro in 2025, arb é ba chúis leis, go páirteach, méaduithe ar an ráta CBL, agus tuartar go mbeidh an croí-bhoilsciú i measc na rátaí is airde sa limistéar euro i gcónaí in 2026. Tá an t-iomaíochas lagaithe a thuilleadh de bharr costais aonad saothair atá ag ardú go tapa agus meastar go dtiocfaidh fás réasúnta tapa orthu i gcónaí in 2026. Tháinig ardú mór ar phraghsanna tithe in 2025 agus rátaí morgáiste níos ísle ann agus is dócha go leanfaidh siad de bheith ag ardú go tapa mar gheall ar sholáthar srianta. Tháinig méadú freisin ar iasachtaíocht teaghlach le rátaí úis níos ísle agus ioncaim níos airde. Is dul chun cinn teoranta atá déanta ó thaobh beartais de. Ag féachaint chun cinn, dá dtabharfaí aghaidh go héifeachtach ar phríomh-shaincheisteanna maidir le cánachas saothair, iomaíochas, soláthar tithíochta agus beartas fioscach, laghdófaí leochaileachtaí.

5 SWD(2026) 142 final.

(7) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Slóvaice[6]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 3,8 % in 2025, 0,9 % in 2026, 1,6 % in 2027 agus 1,5 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 10,3 % in 2025, 11,2 % in 2026, 13,0 % in 2027 agus 14,8 % in 2028. Maidir leis na blianta 2025-2028, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach, mar a mhol an Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh[7], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don tSlóvaic ar stad.

---

6 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Slóvaice (IO C, C/2025/645, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/645/oj).

7 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa tSlóvaic, a glacadh an 21 Eanáir 2025. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na Slóvaice um easnamh iomarcach ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/slovakia_en.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[8] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón tSlóvaic an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don tSlóvaic imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[9]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an tSlóvaic in ann tosaíochtaí an chaiteachais rialtais a athrú nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas marthanach níos airde ar an gcosaint.

(9) An 30 Aibreán 2026, chuir an tSlóvaic Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[10] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Slóvaice i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

---

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

9 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don tSlóvaic imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3974, an 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3974/oj).

10 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

(10) In 2025, ba é 0,8 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 4,2 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,8 % in 2026 agus faoi 1,5 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 4,3 % ann in 2026 agus 3,2 % in 2027.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[11], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Slóvaice ó easnamh 5,3 % de OTI in 2024 go heasnamh 4,5 % de OTI in 2025. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó na bearta comhdhlúthaithe agus infheistíochtaí cosanta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo, mar gheall ar mhoilleanna ar sheachadadh trealaimh mhíleata áirithe. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 4,6 % de OTI in 2026 agus 5,4 % de OTI in 2027. Eascraíonn an méadú imeallach in 2026 go príomha as méadú ar infheistíocht arna spreagadh ag seachadadh trealaimh mhíleata a cuireadh siar ón mbliain roimhe sin. Is iad seachadtaí trealaimh mhíleata a bhfuiltear ag súil leo is mó is cúis leis an méadú ar an easnamh in 2027.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 1,1 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh staid chrapthach ann in 2026 agus 2027 araon, faoi 0.5 % agus 1.1 % de OTI, faoi seach.

---

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

12 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[13], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Slóvaice ó 59,7 % de OTI ag deireadh 2024 go 61,4 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 an t-easnamh príomhúil rialtais ard. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil caiteachas úis ag fás níos tapúla ná an geilleagar, cuirtear leis an treocht mhéadaitheach i ndinimic fiachais. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 63,7 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 66,9 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú in 2026 agus 2027 na heasnaimh leanúnacha rialtais a bhí ard i gcónaí/ arda le linn na tréimhse.

(14) Ar bhonn shonraí Eurostat[14], 2,0 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Slóvaice ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,6 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag an leibhéal céanna in 2026. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,6 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain tagartha 2021[15].

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, níl bearta beartais fhioscaigh nua glactha ag an tSlóvaic chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[16].

---

13 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

14 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

15 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

16 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa tSlóvaic faoi 1,7 % in 2025 agus is fás carnach 5,4 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa tSlóvaic faoi 2,9 % in 2026 agus gur fás carnach 8,4 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,8 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh[17].

(18) Thairis sin, cuireann cur chun feidhme neamhleor na n-athbhreithnithe caiteachais atá ann cheana sa phróiseas buiséadach bac ar choigiltis fhéideartha a bhaint amach a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an airgeadas poiblí murach sin.

(19) In 2025, d'fhan an ding chánach (cánachas ar thuilleamh ó shaothar) sa tSlóvaic os cionn mheán an Aontais le haghaidh gach leibhéil tuillimh, go háirithe i gcás saothraithe ar ioncam íseal. Leis na méaduithe a tháinig le déanaí ar ranníocaíochtaí éigeantacha sóisialta agus sláinte, ardaíodh an ding chánach don ghrúpa sin níos mó. D'fhan an t-ioncam ó chánacha maoine athfhillteacha sa tSlóvaic íseal agus faoi bhun mheán an Aontais, go príomha mar gheall ar an gcóras cánachais maoine limistéarbhunaithe, ina ngearrtar cáin ar mhaoin dhochorraithe de réir achar dromchla seachas luach margaidh, rud a chuireann teorainn le giniúint ioncaim, a laghdaíonn cothroime agus a chuireann le brú aníos ar phraghsanna tithe. Tá an t-ioncam ó chánachas comhshaoil, lena n-áirítear cánacha ar iompar, ar thruailliú agus ar úsáid acmhainní nádúrtha, fós faoi bhun mheán an Aontais go comhsheasmhach, rud a léiríonn acmhainneacht neamhshaothraithe chun an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a neartú.

---

17 Ós rud é go dtairbhíonn an tSlóvaic de sholúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta, sa mheasúnú ar chomhlíontacht ar an dírítear ar an gcomparáid dheireanach a luadh.

(20) Le 2 bhliain anuas, tá méadú suntasach tagtha ar chánacha ioncaim chorparáidigh (CIC), agus tugadh isteach trí réim CIC i mí Eanáir 2025 a chuir le castacht an scéil. Sáraíonn an ráta cánach éifeachtach agus an ráta reachtúil CIC do chuideachtaí móra araon meán an Aontais. Cuirtear bac breise ar an timpeallacht ghnó mar gheall ar cháin a gearradh le déanaí ar sheirbhísí íocaíochta. Idir an dá linn, leis an méadú ar an ráta caighdeánach CBL ó 20 % go 23 %, cuireadh ualach cánach breise ar theaghlaigh, agus le dhá ráta laghdaithe CBL, lena gcumhdaítear go leor earraí agus seirbhísí, déantar an córas níos casta agus méadaítear caiteachais chánach. Ina theannta sin, tá gnóthachain chaipitiúla ó dhíolacháin maoine díolmhaithe ó cháin tar éis 5 bliana, rud a chúngaíonn an bonn cánach agus a spreagann infheistíochtaí fadtéarmacha tithíochta. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar bhearna comhlíontachta CBL na Slóvaice, tá sí fós os cionn mheán 8,2 % an Aontais. Bíodh is go bhfuil dul chun cinn déanta ag an tSlóvaic trí dhigitiú an riaracháin cánach, le tuilleadh dul chun cinn, go háirithe i ríomhshonrascadh, atá á chur chun feidhme cheana féin, agus i dtuairisceáin chánach réamhlíonta, d’fhéadfaí sceitheadh sa chóras cánach a laghdú, comhlíonadh a shimpliú agus costais ghaolmhara a laghdú. An tráth céanna, tá comhdú leictreonach cháin ioncaim phearsanta fós íseal agus i bhfad faoi bhun mheán an Aontais.

(21) Leathnaíodh an córas leasa shóisialaigh de réir a chéile le blianta beaga anuas, agus tá sé ag éirí níos costasaí. Maidir le sochair shóisialta fhairsinge, amhail an 13ú híocaíocht phinsin bhuan, an leithdháileadh cánach ioncaim do thuismitheoirí agus fóirdheontais fuinnimh, ní dhírítear go héifeachtach iad ar ghrúpaí leochaileacha, agus leanann bearta fuinnimh, lena gcumhdaítear 90 % de theaghlaigh anois, de chomharthaí praghais an mhargaidh a shaobhadh.

(22) Tá géarghanntanas tithíochta fós roimh an tSlóvaic, agus an stoc tithíochta is ísle *per capita* san Aontas á choinneáil ar bun inti, agus tá gníomhaíocht tógála ag lagú a thuilleadh toisc nár cuireadh tús ach le 7 241 theaghais nua sa chéad leath de 2025. Tá an sleabhcadh sin ag teacht le crapadh níos leithne san fhorbairt chónaithe, ós rud é go bhfuil laghdú seasta tagtha ar cheadanna tógála, a shroich buaicphointe in 2021, ó shin i leith go dtí 2024, rud a fhágann go bhfuil stoc tithíochta foriomlán na Slóvaice i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Cé gur glacadh Gníomh Tógála nua arb é is aidhm dó nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú, tá a chur chun feidhme sna luathchéimeanna, agus níl na héifeachtaí tagtha chun cinn go fóill. Ar an gcaoi chéanna, tá an earnáil cíosa tearcfhorbartha, agus tá cion na tithíochta cíosa i bhfad faoi bhun mheán an Aontais agus ní léiríonn sé aon fhás le himeacht ama. Léiríonn sonraí daonáirimh laghdú mór ar theaghaisí príobháideacha ar cíos, rud a thit go 0,86 % in 2021. Ní leor an tithíocht shóisialta ach oiread, arb ionann í agus 2,5 % den stoc iomlán, atá ar cheann de na sciartha is ísle san Aontas. Bíonn tionchar díréireach ag na ganntanais shistéamacha sin ar phobail imeallaithe, go háirithe teaghlaigh Romacha, a bhfuil 86 % díobh ina gcónaí faoi dhálaí plódaithe, go minic i lonnaíochtaí deighilte nach bhfuil bonneagar bunúsach acu amhail rochtain iontaofa ar uisce. Baineann dálaí tithíochta forbhásacha an bonn dá lánpháirtiú san oideachas agus san fhostaíocht. Thairis sin, tá méadú suntasach tagtha ar an easpa dídine sa tSlóvaic le deich mbliana anuas. Ag cur leis na dúshláin sin, ní chumhdaíonn liúntais tithíochta ach codán beag de na costais chíosa, rud nach gcuireann tacaíocht fhiúntach ar fáil d'inacmhainneacht cíosa.

(23) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(24) Sa tSlóvaic, tá cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), tá sé fós faoi bhun meánluas cur chun feidhme an Aontais i dtaobh roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun baint amach tapa na n-infheistíochtaí sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú an tráth céanna. Tá an tSlóvaic ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, tá dúshláin fós roimh an tSlóvaic maidir le cur chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hinfheistíocht agus nuálaíocht T&F, digiteáil, cosaint an dúlra agus na bithéagsúlachta agus cuimsiú na Romach. An tráth céanna, ní mór don tSlóvaic dlús a chur le cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an tSlóvaic ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[18], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

[18] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(25) Tá dúshláin roimh réigiúin thoir na Slóvaice a chuireann bac ar a n-ionchais don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta toisc gur measa na dúshláin struchtúracha atá ann cheana. Leis an tionchar ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, méadaítear an brú slándála, cuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha trasteorann agus laghdaítear tarraingteacht na hinfheistíochta.

(26) Tá roinnt dúshlán roimh an tSlóvaic a bhaineann leis an timpeallacht ghnó agus leis an riarachán poiblí, digitiú, taighde agus nuálaíocht, an córas ceartais agus in aghaidh an éillithe, dícharbónú agus claochlú na tionsclaíochta, forbairt na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha, margadh an tsaothair, oideachas agus cúram sláinte.

(27) Tá creat rialála dothuartha fós ag cur bac ar thimpeallacht ghnó na Slóvaice. Cuireann an úsáid a bhaintear go minic as nósanna imeachta reachtacha meara agus leasuithe arna dtionscnamh ag Feisirí den Pharlaimint, a sheachnaíonn measúnuithe tionchair caighdeánacha agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara go minic, le héagobhsaíocht rialála. Cé go bhfuil creat um rialáil níos fearr i bhfeidhm go foirmiúil, cuirtear i bhfeidhm é ar bhealach neamhréireach agus ar bhealach foirmiúil den chuid is mó, rud a chuireann teorainn lena éifeachtacht maidir le cáilíocht agus intuarthacht na reachtaíochta a fheabhsú. Mar thoradh air sin, níl comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus measúnuithe tionchair comhtháite go leordhóthanach sa phróiseas reachtach, agus níl ach feabhsuithe imeallacha curtha ar fáil ag bearta a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear iad siúd faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. An tráth céanna, tá an t-ualach riaracháin fós ard, agus tá nósanna imeachta casta agus ceanglais chomhlíontachta fós ag cur bac ar ghníomhaíocht ghnó. Ar deireadh, tá bacainní rialála agus riaracháin ar an Margadh Aonair fós sa tSlóvaic, rud a dhéanann difear do sholáthar trasteorann seirbhísí agus don tsaoirse bunaíochta, go háirithe trí thoirmisc tiomána ilroinnte agus rialacha sriantacha miondíola.

(28) Leanann ilroinnt na struchtúr rialachais áitiúil de bheith ag baint an bhoinn ó sholáthar seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán. Cuireann líon mór bardas beag, a mbíonn acmhainneacht riaracháin theoranta agus cistiú neamhleor acu go minic i gcoibhneas lena bhfreagrachtaí, srian ar phleanáil éifeachtach infheistíochta agus ar ionsú chistí an Aontais. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir le feabhas a chur ar chomhordú straitéiseach ar an leibhéal lárnach agus maidir le hacmhainní riaracháin a chomhthiomsú ar an leibhéal áitiúil trí lárionaid seirbhísí comhroinnte a phíolótú, tá an comhar idirbhardasach fós teoranta agus níl tús curtha le hathchóiriú cuimsitheach ar an rialachas áitiúil go fóill.

(29) Tá trédhearcacht agus iomaíocht sa soláthar poiblí lagaithe ag athruithe reachtacha a rinneadh le déanaí. Leis an méadú ar thairseacha foilseacháin agus le simpliú na nósanna imeachta, laghdaíodh an t-ualach riaracháin ach ardaíodh rioscaí freisin maidir le hiomaíocht agus trédhearcacht, go háirithe i gcás conarthaí faoi bhun na tairsí. Tá nósanna imeachta soláthair fós fada, agus tá úsáid na gcritéar dámhachtana maidir leis an bpraghas is ísle fós chun tosaigh, rud a chuireann teorainn le glacadh breithnithe costais a bhaineann le cáilíocht agus saolré. Tá sé ríthábhachtach maoirseacht éifeachtach a áirithiú agus ról na n-údarás inniúil a threisiú maidir le hiomaíocht agus trédhearcacht a chosaint chun éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú agus chun tacú leis an dea-rialachas.

(30) Tá imní fós ann maidir leis an gcóras breithiúnach agus leis an gcreat in aghaidh an éillithe, agus tá meath breise tagtha ar an gcumas éilliú ardleibhéil a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Tá an bhraistint agus an taithí thuairiscithe maidir le héilliú agus gnó á dhéanamh sa tSlóvaic fós an-ard. Na rioscaí a sainaithníodh in 2024 agus 2025 mar gheall ar dhíchóimeáil sainghníomhaireachtaí in aghaidh an éillithe (an Oifig Ionchúisimh Speisialta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta) agus an t-athchóiriú ar an dlí coiriúil, lenar giorraíodh na tréimhsí teorann agus lenar laghdaíodh na pianbhreitheanna as cionta coiriúla éillithe, tá siad fós ag teacht chun cinn. Déantar é sin in éineacht le feidhmiú na cumhachta ag an Ard-Ionchúisitheoir chun cinntí críochnaitheacha na n-ionchúisitheoirí níos ísle agus na n-údarás forfheidhmithe dlí a neamhniú ag an gcéim réamhthrialach. Tar éis atheagrú na bpóilíní agus an ionchúisimh, tháinig laghdú mór ar líon na gcásanna éillithe a braitheadh agus a ionchúisíodh. Rinneadh difear nach féidir dul siar air do roinnt cásanna éillithe ardphróifíle mar gheall ar leibhéil laghdaithe smachtbhannaí le haghaidh cionta éillithe agus tréimhse ghiorraithe chun ciontóirí a thabhairt os comhair na cúirte. I mí na Nollag 2025, chuir an iarracht an Oifig Cosanta Sceithirí a dhíchóimeáil ábhair imní bhreise in iúl maidir leis an gcreat in aghaidh an éillithe agus maidir le heagla a bheith ar sceithirí féideartha teacht chun cinn le faisnéis maidir le héilliú ardleibhéil. Ar an iomlán, leag na forbairtí sin béim bhreise ar an easpa creat láidir in aghaidh an éillithe, rud atá fabhrach faoi láthair do chur isteach míchuí. Tá gá le hiarrachtaí suntasacha chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh a mhéid a bhaineann le speisialtóireacht neamhleor na n-údarás inniúil.

(31) Sa chóras ceartais, cuireadh an t-athchóiriú ar an léarscáil bhreithiúnach i bhfeidhm agus tá meastóireacht á déanamh air. Mar sin féin, tá imní fós ann maidir leis na coimircí atá fós neamhleor do neamhspleáchas na mbreithiúna, go háirithe maidir le comhaltaí na Comhairle Breithiúnaí ar méadaíodh a gcumhachtaí tuilleadh, mar shampla sna nósanna imeachta araíonachta, cé go ndeachaigh an rialtais i mbun tionscnamh le déanaí maidir lena gcur as oifig. Tá rioscaí díreacha ag baint leis na forbairtí sin do thimpeallacht ghnó agus rialála na Slóvaice.

(32) Tá dul chun cinn déanta ag an tSlóvaic maidir le bonneagar digiteach i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon, agus tá oibreoirí teileachumarsáide príobháideacha ag infheistiú i líonraí gigighiotáin agus 5G. Mar sin féin, mar gheall ar an gcumhdach réasúnta lag i gceantair thuaithe, agus caiteachas poiblí teoranta ann, tá gá le tuilleadh iarrachtaí. Tá coinne leis go dtacóidh bearta reachtacha a tugadh isteach in 2025, lena n-áirítear an Dlí Foirgníochta agus an Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin, le leathadh amach an bhonneagair dhigitigh, ach tá roinnt dúshlán rialála fós ann. Is dúshlán breise don iomaíochas agus don fhás é glacadh mall na dteicneolaíochtaí digiteacha sa tSlóvaic, agus níor bhain ach 57 % d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) bundéine dhigiteach amach in 2025, i gcomparáid le meán an Aontais de 71 %. Is dúshláin shuntasacha do ghnólachtaí iad an easpa scileanna digiteacha leordhóthanacha agus deiseanna uas-scilithe i measc fostaithe agus na deacrachtaí a bhaineann le speisialtóirí TFC a mhealladh. D’ainneoin roinnt iarrachtaí leanúnacha, le hilroinnt, easpa béime ar eispéireas úsáideoirí agus seachadadh mall ríomhsheirbhísí rialtais, lagaítear inchreidteacht athchóirithe, rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le rialachas sonraí feabhsaithe, le hidir-inoibritheacht agus le ríomhsheirbhísí Rialtais a chomhtháthú a thuilleadh.

(33) Maidir leis an tSlóvaic, a aicmíodh mar ‘nuálaí atá ag teacht chun cinn’ in 2025, léiríodh éagothromaíocht atá ag dul i méid idir a feidhmíocht agus meán an Aontais. Tháinig laghdú ar chaiteachas na hearnála poiblí ar T&F ó 0,45 % in 2023 go 0,39 % in 2024, rud atá go mór faoi bhun mheán an Aontais. In 2023, gheall an rialtas conair a choinneáil maidir le méaduithe bliantúla ar chaiteachas poiblí T&F, ar cheart dó 0,67 % de OTI a bhaint amach faoi 2030. Ní mór an chonair sin a choinneáil ar bun chun iomaíochas na Slóvaice a fheabhsú, arna chomhlánú le spreagadh breise d’infheistíocht phríobháideach T&F, atá fós fíor-íseal.

(34) Tá timpeallacht T&N na Slóvaice ilroinnte i gcónaí, agus tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir gnólachtaí agus an earnáil taighde. Tá easpa intuarthachta in éiceachóras T&N mar gheall ar chreat institiúideach tearcfhorbartha nach sanntar freagrachtaí go soiléir. Beidh sé ríthábhachtach cleachtais arna bhforbairt faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta atá nasctha le meastóireachtaí idirnáisiúnta a dhéanamh chun deontais a dhámhachtain agus le haghaidh aistrithe eolais a chur chun cinn chun rannchuidiú le cáilíocht na n-aschur taighde agus chun an dóchúlacht go ndéanfar tráchtálú rathúil orthu a mhéadú. Chun comhar i measc gnólachtaí agus an tsaoil acadúil agus go háirithe aistriú teicneolaíochta a dhreasú níos mó, rachadh sé chun tairbhe don tSlóvaic dea-chleachtas idirnáisiúnta a leanúint maidir le húinéireacht ceart maoine intleachtúla a ghintear in ollscoileanna.

(35) Tá teorainn leis na deiseanna atá ann do FBManna infheistíocht a dhéanamh in T&F, ó tharla go bhfuil an scéim dreasachta cánach T&F atá ann faoi láthair claonta ar son cuideachtaí móra. Trí fheabhas a chur ar scéimeanna dreasachta T&F agus trí bheartais T&F a dhíriú níos mó ar FBManna, d’fhéadfaí acmhainneacht fáis na Slóvaice a chothú.

(36) Tá dúshláin iomaíochais fós roimh gheilleagar na Slóvaice, lena n-áirítear a hearnáil thionsclaíoch mhór dianfhuinnimh, i gcomhthéacs iarrachtaí nuachóirithe agus cuspóirí aeráide a bhaint amach. Is earnáil mhór é an tionscal go fóill ó thaobh ídiú fuinnimh agus déine carbóin de, cé go bhfuil laghdú tagtha orthu ar an dhá cheann le blianta beaga anuas mar gheall ar ghnóthachain éifeachtúlachta agus athruithe struchtúracha. Tá praghsanna arda fuinnimh fós ina ndúshlán suntasach do ghnólachtaí, rud a thagann le saincheisteanna struchtúracha. Chun aistriú costéifeachtach chuig dícharbónú a bhaint amach agus iomaíochas tionsclaíoch á choinneáil ar bun an tráth céanna, ní mór don tSlóvaic leanúint d’infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh agus leictriú próiseas tionsclaíoch a chur chun cinn. D’fhéadfaí é sin a dhreasú freisin trí bhearta lena bhfeabhsaítear an cóimheas praghsanna idir leictreachas agus gás nádúrtha. Tá acmhainneacht na monaraíochta intíre i dtáirgeadh teicneolaíochtaí táirgthe glan-nialasachta fós tearcúsáidte. Is deis thábhachtach i gcónaí do gheilleagar na Slóvaice iad na hearnálacha tionsclaíocha atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú i slabhraí luacha an Aontais agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo táirgí atá níos dírithe ar an nuálaíocht.

(37) D'ainneoin iarracht na Slóvaice an soláthar gáis nádúrtha a éagsúlú agus an t-éileamh a laghdú, tá spleáchas mór fós ar bhreoslaí iontaise na Rúise, rud a nochtann an tír do rioscaí seachtracha. In 2025, ba de thionscnamh na Rúise níos mó ná 50 % den ghás nádúrtha agus níos mó ná 80 % den ola. Bhí sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i meascán leictreachais na Slóvaice ar cheann de na sciartha is ísle san Aontas in 2025, agus níor baineadh leas fós as acmhainneacht fuinnimh gaoithe na tíre. Braitheann dícharbónú na Slóvaice go príomha ar chumhacht núicléach, tar éis deireadh a chur de réir a chéile le gual in 2023. Tá tionchar suntasach fós ag gás nádúrtha costasach ar mheánphraghsanna leictreachais. Dá laghdófaí a sciar den ghiniúint leictreachais, chuideofaí le córas leictreachais na Slóvaice a chobhsú, rud a sholáthródh praghsanna leictreachais níos inacmhainne agus a thacódh leis an iomaíochas. Tá bearta déanta ag an tSlóvaic chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite agus chun feabhas a chur ar an gcreat reachtach mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, ach tá rolladh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite fós an-mhall. Tá an easpa cinnteachta fadtéarmaí d'infheisteoirí fuinnimh in-athnuaite fós ina príomhbhac struchtúrach ar fhorbairt tionscadal nua. Go háirithe, dá leathnófaí úsáid ceantanna cumhachta agus dá ndéanfaí conarthaí fadtéarmacha a uas-scálú, thacófaí le tionscadail in-athnuaite níos mó a fhorbairt, agus réitigh nua dícharbónaithe á n-oscailt ag an am céanna do thionscail dianfhuinnimh.

(38) Chun freastal ar na riachtanais mhéadaithe maidir le leictriú an tionscail agus soghluaisteacht inbhuanaithe, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun dlús a chur leis na hinfheistíochtaí nua san eangach agus chun a acmhainneacht a mhéadú. Dá gcuirfí dícharbónú na hearnála téimh agus fuaraithe chun cinn trí úsáid níos mó a bhaint as réitigh in-athnuaite, chuideofaí le cuspóirí aeráide a bhaint amach agus rannchuideofaí le praghsanna fuinnimh níos inacmhainne. Chomh maith leis an leictriú a chur chun cinn, d'fhéadfaí an t-aistriú téimh chuig geilleagar ísealcharbóin a neartú trí réitigh gheoiteirmeacha a leathnú, ós rud é go mbaineann an tSlóvaic tairbhe as dálaí fabhracha geolaíocha i roinnt suíomhanna.

(39) Léirítear sciar an-íseal na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha sa tSlóvaic le ceann de na céatadáin is ísle feithiclí astaíochtaí nialasacha nua-chláraithe san Aontas, agus freisin le rolladh amach bonneagair luchtaithe agus athbhreoslaithe astaíochtaí nialasacha atá tite ar gcúl. Cé go bhfuil roinnt athchóirithe glactha ag an tSlóvaic faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, níl dreasachtaí tagtha chun cinn go fóill chun tacú le rolladh amach feithiclí agus bonneagair astaíochtaí nialasacha. Tá rolladh amach na ndreasachtaí a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta leictrea-shoghluaisteachta ríthábhachtach chun go mbeidh an earnáil phríobháideach in ann infheistíochtaí suntasacha breise a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, níl bonneagar iompair iarnróid na Slóvaice á nuachóiriú ach go mall, rud a chuireann teorainn lena tharraingteacht d’úsáid paisinéirí agus tráchtála araon. Thairis sin, níl cur chuige láraithe ag an tSlóvaic maidir le cistiú fadtéarmach chun an bonneagar iompair náisiúnta a thógáil agus a athchóiriú. D’fhéadfaí é sin a fheabhsú trí ranníocaíochtaí buiséadacha náisiúnta seasta agus intuartha chun bonneagar iompair a fhorbairt agus a chothabháil, rud a d’úsáidfí in éineacht le maoiniú príobháideach Eorpach agus poiblí. Thairis sin, ní mór na céimeanna réamhinfheistíochta sa bhonneagar iompair a chuíchóiriú tuilleadh chun dlús a chur le forbairt agus cothabháil bonneagair. Ina theannta sin, maidir leis an easpa roghanna iompair leordhóthanacha sa tSlóvaic, go háirithe i gceantair thuaithe, is minic a chuireann sé teorainn leis an tsoghluaisteacht agus leis an rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha do theaghlaigh ar ioncam íseal lena mbaineann. Go háirithe, tá nascacht iompair phoiblí ag titim chun deiridh, chomh maith le himscaradh roghanna soghluaisteachta gníomhacha, bearta iompair ar éileamh, agus tacsaithe sóisialta do theaghlaigh ar ioncam íseal sna réigiúin is mó atá buailte, amhail i lár agus in oirthear na Slóvaice.

(40) Cé go bhfuil plean na Slóvaice maidir le hoiriúnú don athrú aeráide i bhfeidhm, tá cur chun feidhme na mbeartas athléimneachta aeráide ag titim chun deiridh mar gheall ar easpa ullmhachta institiúidí, feasacht íseal ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus leibhéal neamhleor comhair idir-aireachta. Tá cáilíocht an uisce agus bainistiú uisce ag dul in olcas i gcónaí, mar gheall ar mhalairtí hidreamhoirfeolaíocha agus éilliú lotnaidicídí freisin, rud a bhfuil tionchar aige ar tháirgiúlacht na tionsclaíochta agus na talmhaíochta, agus ar shláinte an duine. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir le hathchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht, tá an tSlóvaic fós i mbaol gan na spriocanna maidir le dramhaíl chathrach agus dramhaíl ó phacáistíocht a bhaint amach, chomh maith lena sprioc 2035 maidir le dramhaíl chathrach arna cur i líonadh talún. Bíonn tionchar ag díghrádú na n-éiceachóras ar tháirgiúlacht na dtionscal talmhaíochta, foraoiseachta agus uisce freisin, rud a mbíonn mórthionchair eacnamaíocha aige. Brúnna amhail foraoiseacht agus talmhaíocht neamh-inbhuanaithe, forbairt bonneagair agus speicis ionracha is mó is cúis leis sin.

(41) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an tSlóvaic in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(42) Is dúshlán fós é dífhostaíocht ard fhadtéarmach na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht, go háirithe Romaigh, oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe scothaosta, rud a mhéadaíonn bearnaí scileanna agus éagothromaíochtaí réigiúnacha. Mar sin féin, cé go bhfuil an staid níos measa i réigiúin oirthearacha na tíre, tá infheistíochtaí i mbeartais chun cabhrú le grúpaí leochaileacha daoine fostaíocht a aimsiú nó a choinneáil íseal i gcónaí. Cuirtear bac freisin ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, go háirithe do mhná, mar gheall ar infhaighteacht neamhleor agus úsáid neamhleor seirbhísí inacmhainne oideachais agus cúraim luath-óige ar ardchaighdeán, go háirithe do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois, agus dhéanann éagothromaíochtaí difear do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Chomh maith leis sin, tá socruithe solúbtha oibre, amhail deiseanna páirtaimseartha agus teilea-oibre, fós an-teoranta.

(43) Tá dúshláin leanúnacha roimh an tSlóvaic ina córas oideachais agus scileanna, rud a chuireann srian ar fhás fadtéarmach agus ar thorthaí i margadh an tsaothair. Tá dul chun cinn teoranta déanta maidir le bunscileanna a neartú, go háirithe i measc foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear i bpobail imeallaithe na Romach. Leis na hathchóirithe reachtacha a rinneadh le déanaí, tugadh isteach bearta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar litearthacht mhatamaiticiúil agus inniúlachtaí bunúsacha a neartú. Níl inniúlacht íosta ag sciar ard daltaí i gcroí-ábhair, agus tá torthaí faoi bhun mheán an Aontais acu. Neamhláithreacht agus luathfhágáil na scoile, go háirithe i gceantair thuaithe, lagaíonn siad torthaí oideachais tuilleadh. D’ainneoin na n-athchóirithe leanúnacha, ní leor go fóill an rochtain ar bhearta tacaíochta, go háirithe i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, rud a chuireann bac ar rochtain chomhionann chuimsitheach ar oideachas ar ardchaighdeán.

(44) Tá ganntanas suntasach scileanna fós ann, rud a dhéanann difear do níos mó ná leath de na fiontair, agus a léiríonn neamhréir idir scileanna an lucht saothair agus riachtanais mhargadh an tsaothair. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta san fhoghlaim aosach, tá rannpháirtíocht fós íseal, go háirithe i measc oibrithe ar bheagán oiliúna. Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim obairbhunaithe fós faoi bhun mheán an Aontais, agus tá bearnaí bunúsacha scileanna digiteacha ann agus tá rannpháirtíocht na mban in ETIM fós íseal. Glacadh bearta chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a athchóiriú agus chun conairí ETIM a neartú trí litearthacht mhatamaiticiúil a fheabhsú ar leibhéal an mheánoideachais shinsearaigh. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun athsciliú agus uas-sciliú a mhéadú, oiliúint múinteoirí a neartú, feabhas a chur ar chur chun feidhme athchóirithe curaclaim, agus clárú i réimsí ETIM a mhéadú, lena n-áirítear trí mheánscoileanna tionsclaíocha a chlaochlú ina n-institiúidí speisialaithe atá dírithe ar ETIM agus trí chomhar níos láidre le fostóirí agus le hinstitiúidí ardoideachais. An tráth céanna, maidir le gnóthachtáil threasach íseal, eis-sreafaí arda mac léinn agus rátaí ísle fillte, go háirithe in earnálacha ardéilimh, bíonn tionchar acu ar infhaighteacht lucht saothair oilte. Sa chomhthéacs sin, tá lánpháirtiú náisiúnach tríú tír i margadh an tsaothair fós teoranta agus ilroinnte, agus tá easpa creat cuimsitheach ann chun tacú lena gcuimsiú fadtéarmach. Dá neartófaí coinneáil agus mealladh gairmithe oilte, chuideofaí le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus thacófaí leis an iomaíochas eacnamaíoch.

(45) Tá athléimneacht chóras cúraim sláinte na Slóvaice faoi bhrú mar gheall ar ghanntanas gairmithe cúraim sláinte agus na gairmithe sin a bheith ag dul in aois. Tá na leibhéil foirne faoi bhun mheán an Aontais agus easpa de 21 % dochtúirí ginearálta agus tá beagnach an ceathrú cuid d'altraí ar tí dul ar scor. D'ainneoin méaduithe tuarastail le déanaí le haghaidh roinnt ball foirne leighis, maireann dúshláin choinneála, mar gheall ar dhrochdhálaí oibre, spéis íseal i ngairmeacha cúraim phríomhúil, agus imirce amach. Ní leor fós na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa lucht saothair agus sa bhonneagar, agus ní bhfuair cúram coisctheach ach 2,7 % den chaiteachas sláinte in 2023 - i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. D'ainneoin clinicí arna gcistiú ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus méaduithe scagthástála, níor chuir na bearta sin feabhas suntasach ar rochtain ná ar chothromas go fóill. Léiríonn fiachas leanúnach agus moilleanna fada íocaíochta i ospidéil mhóra stáit neamhéifeachtúlacht an chórais, rud atá níos measa fós mar gheall ar chostais arda neamh-in-aisíoctha. Rannchuidigh an plean téarnaimh agus athléimneachta le roinnt feabhsuithe ar chomhordú na seirbhísí cúraim sláinte. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun cúram príomhúil agus cúram coisctheach a neartú, go háirithe do dhaoine leochaileacha, chun soláthar táirgí leighis criticiúla a dhaingniú agus chun inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach a áirithiú.

(46) Ina theannta sin, tá seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh fós tearcmhaoinithe agus tá siad fós sách teoranta, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Mar gheall ar aosú an daonra, réamh-mheastar go n-ardóidh caiteachas poiblí ar chúram fadtéarmach sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Cuireann ganntanais lucht saothair agus éagothromaíochtaí réigiúnacha srian ar sholáthar seirbhísí, go háirithe i gceantair thuaithe agus i réigiúin oirthearacha na Slóvaice. D'ainneoin roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí tosaigh a tugadh isteach faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán fós míchothrom ar fud na réigiún agus níl seirbhísí pobalbhunaithe forbartha go leordhóthanach go fóill.

(47) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Slóvaice, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an cúigiú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an t-ochtú moladh agus an naoú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moltaí (4) agus (5) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (6) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

(48) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, cuirtear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 san áireamh i moltaí (1), (2), (3) agus (5). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann leis an margadh tithíochta agus le fiachas teaghlaigh. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moltaí (1), (2) agus (5) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le comhardú seachtrach. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moltaí (1), (3) agus (5) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann leis an iomaíochas. Cuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (5) le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus le Moladh 2026 a chur chun feidhme le haghaidh bheartas eacnamaíoch an limistéir euro, i gcomhréir le haithris 47.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSlóvaic in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir a chothú. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. An meascán cánach a dhéanamh níos éifeachtúla, lena n-áirítear trí dhídhreasachtaí i margadh an tsaothair a laghdú, agus trí úsáid níos láidre a bhaint as cánachas comhshaoil agus cánachas maoine athfhillteach. An córas cánachais a shimpliú agus éifeachtúlacht caiteachais a fheabhsú, lena n-áirítear trí athbhreithnithe caiteachais a ailíniú leis an bpróiseas buiséadach. Leanúint de chomhlíonadh cánach a neartú, lena n-áirítear tríd an riarachán cánach a dhigitiú a thuilleadh. Dreasachtaí praghsanna a chaomhnú le haghaidh coigilteas fuinnimh agus díriú níos fearr ar chaiteachas sóisialta. Dlús a chur leis an tógáil trí phleanáil spásúil agus nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú, an margadh cíosa príobháideach a leathnú, agus tithíocht inacmhainne agus shóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear tithíocht a choinneáil do ghrúpaí leochaileacha.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar sholúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar chreat an bheartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Timpeallacht ghnó a fheabhsú trí thimpeallacht rialála níos intuartha a chruthú, agus trína áiritheofar go ndéanfar measúnú tionchair agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a chomhtháthú sa phróiseas reachtach. Dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann ar sholáthar seirbhísí. Aghaidh a thabhairt ar ilroinnt na struchtúr rialachais, lena n-áirítear trí athchóiriú ar an rialachas áitiúil a ullmhú. Feabhas a chur ar sholáthar ríomhsheirbhísí Rialtais agus ar eispéireas úsáideoirí ina leith. Trédhearcacht agus iomaíocht a áirithiú i bpróisis soláthair phoiblí. An córas breithiúnach a neartú, lena n-áirítear a neamhspleáchas, agus éifeachtacht an chórais in aghaidh an éillithe a fheabhsú, lena n-áirítear trí na nithe seo a áirithiú: imscrúduithe agus ionchúisimh leordhóthanacha, uathrialacha agus éifeachtacha i gcásanna éillithe ardleibhéil agus acmhainneacht leordhóthanach speisialaithe ar leibhéal na bpóilíní agus an ionchúisimh.

4. Leanúint de nascacht ghigighiotáin a leathnú, go háirithe i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu. Glacadh teicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú, go háirithe i measc FBManna, trí dheireadh a chur le scrogaill i dtaca lena gcur i bhfeidhm. Feabhas a chur ar an mbeartas taighde agus nuálaíochta trí leanúint de mhéaduithe ar an tacaíocht d’infheistíocht phoiblí T&F, cuíchóiriú a dhéanamh ar chórais rialachas, cistiúcháin agus meastóireachta T&N, an gcomhar idir an earnáil ghnó agus an earnáil taighde a dhreasú agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim dreasachta cánach T&F chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do FBManna.

5. Infheistíochtaí a chur chun cinn chun iomaíochas tionsclaíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhícharbónú agus leictriú a dhreasú, agus trí éagsúlú eacnamaíoch. Dlús a chur le héagsúlú an tsoláthair breoslaí iontaise chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar fhoinsí Rúiseacha. Dlús a chur le rolladh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe fuinneamh gaoithe, agus na nósanna imeachta chun nascadh leis an eangach a dhéanamh níos éifeachtúla. Tacú le tuilleadh infheistíochtaí in eangacha, go háirithe gréasáin leictreachais, agus i ndícharbónú na hearnála téimh. Tacú le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a rolladh amach a thuilleadh, bainistiú na hinfheistíochta a dhéantar san iompar a athchóiriú agus na hinfheistíochtaí a dhéantar i mbonneagar iompar inbhuanaithe a nuachóiriú agus a neartú, go háirithe an gréasán iarnróid. Bainistiú dramhaíola acmhainní agus athúsáid dramhaíola ó phacáistíocht agus cathrach a neartú, acmhainní nádúrtha a chaomhnú, agus athléimneacht aeráide agus uisce a fheabhsú trí réitigh dúlrabhunaithe a phríomhshruthú agus criosú na bpáirceanna náisiúnta a chríochnú.

6. Rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair a neartú, go háirithe i réigiúin ina bhfuil ráta ard dífhostaíochta, agus socruithe oibre níos solúbtha a chur chun cinn. Infhaighteacht agus úsáid oideachais agus cúraim na luath-óige inacmhainne ar ardchaighdeán a mhéadú do leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois. Rochtain chomhionann agus chuimsitheach ar oideachas ardcháilíochta a áirithiú ar gach leibhéal, agus béim á leagan ar bhunscileanna a theagasc, lena n-áirítear do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Deiseanna athscilithe agus uas-scilithe do dhaoine fásta a mhéadú, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna digiteacha agus in oiliúint múinteoirí agus trí chlárú i gcláir oideachais ETIM a mhéadú. Coinneáil agus mealladh gairmithe oilte a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair. Feabhas a chur ar sholáthar cúraim phríomhúil agus bearta coisctheacha cúraim sláinte a leathnú. Athléimneacht agus inbhuanaitheacht fhioscach na gcóras sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a neartú agus cúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán a áirithiú, go háirithe trí sheirbhísí pobalbhunaithe a leathnú a thuilleadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*